- ▶ Úsáidfaimid teanga shoiléir agus simplí agus déanfaimid iarracht a laghad téarmaí oifigiúla/teicniúla agus acrainmneacha a úsáid agus is féidir;
- ▶ Soláthróimid ainm teagmhála, uimhir theileafóin, uimhir faics, seoltaí ríomhphoist agus nuair is infheidhme uimhir thagartha nó uimhir chomhaid duit nuair a iarrtar sin;
- ▶ Seolfaimid aon chomhfhreagras a fhaighaimid agus a bhaineann le Roinn nó Gníomhaireacht eile chucu ar an bpointe agus cuirfimid tusa ar an eolas faoi sin;
- ▶ Cinnteoidimid go bhfreagraítear aon chomhfhreagras Gaeilge a fhaightear i nGaeilge.

Má thagann tú chuig ár n-oifigí,

- ▶ Beimid ar fáil chun bualadh leat, ach coinne a bheith agat, le linn gnáthuaire oifige (9:15am-1:00pm agus 2:15pm-5:30pm Luan-Aoine [5:15pm Aoine]). Beimid chomh solúbtha agus is féidir más mian leat cruinniú a shocrú lasmuigh de na huaire sceadalaithe seo;
- ▶ Bualadh muid leat in am, nuair a bhíonn coinne déanta agat. Mura mbíonn coinne déanta agat, déanfaimid ár ndícheall freastal ort;
- ▶ Beimid cúirtéiseach agus beimid cothrom agus cuiditheach leat;
- ▶ Cuirfimid ar aghaidh tú chuig an duine sin a bheidh in ann déileáil le d'fhiosrúchán chomh luath agus is féidir;
- ▶ Cinnteoidimid go mbíonn ár n-oifigí glan agus sábháilte agus go soláthraítear saoráidí cuí ag gach cruinniú;
- ▶ Athbhreithneoidimid rochtain ar ár n-oifigí go leanúnach do gach duine a bhíonn ag gaoch, lena n-áirítear iad sin a mbíonn míchumas ag dul dóibh.

Seirbhísí creidiúnaithe ISO

Ó thaobh téarmaí sainiúla, tugann an OPW ráthaíocht freisin sainleibhéal freagra a thabhairt ó na hAonaid Ghnó agus Rannóga sin a bhfuil creidiúnú ISO bainte amach acu. Tá sé i gceist againn go leathnófaí an ráthaíocht sin chuig gach Aonad Gnó sa toadhchá ionas go mbeidh gach custaiméir in ann leibhéal chomhsheasmhacha seirbhíse agus ardchaighdeáin, a bhíonn leagtha amach don chóras seo, a fháil.

Tuilleadh Rogha

Tá an OPW tiomanta raon níos leithne roghanna a sholáthar dár gcustaiméirí. Ó thaobh teicneolaíochta nua, táimid ag déanamh infheistíocht mhór chun an méid rogha agus is féidir a sholáthar dóibh sin a bhíonn ag déileáil linn. Leanfaimid a bheith rannpháirteach an méid agus is féidir linn ionas go mbeidh an méid rogha agus is féidir á sholáthar, go háirithe trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht, ag teacht le ríomh-Straitéis an Rialtais.

- ▶ Tá sé mar aidhm againn trínár ríomh-straitéis, an raon roghanna do chustaiméirí, do sholáthróirí, don fhoireann agus do gheallshealbhóirí eile a fheabhsú trí fhorbairt agus fheidhmiú leanúnach na dteicneolaíochtaí sin sna réimsí sin ina bhfeidhmímid. Áireofar leis sin, mar shampla, roghanna a fhorbairt i ndáil le ríomh-fháil, tairiscintí a dhéanamh ar-líne etc.
- ▶ Ó thaobh rogha a sholáthar trí dhuine a bheith i láthair, leanfaimid ag baint úsáide as ár struchtúr Oifigí Áitiúla chun seirbhísí a sheachadadh dár gCustaiméirí. Tá ár gcuid oifigí scaipthe ar fud na hÉireann chun cur lenár bpointí teagmhála (Féach Aguisín 4).

2. Eolas a Sholáthar

Aithnímid chomh tábhachtach atá sé freastal a dhéanamh ar gach a mbíonn ár gcustaiméirí ag súil leis trí eolas atá tráthúil, cruinn agus oiriúnach dá riachtanais a sholáthar.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Bronnann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 roinnt cearta dlí ar an bpobal ginearálta:

- ▶ An ceart rochtain a dhéanamh ar eolas, faoi réir díolúintí áirithe,
- ▶ An ceart cúiseanna a lorg ar chinntí a chuireann isteach orthu féin,
- ▶ An ceart eolas pearsanta maidir leo féin a cheartú.

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, ba chóir duit dul i dteagmháil leis:

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise

Oifig na nOibreacha Poiblí, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 647 6033

Faics: (01) 647 6485

agus léirigh go soiléir go bhfuil tú ag lorg eolais faoin Acht.

- ▶ Caithfimid le gach iarratas go neamhchlaonta agus go comhionann, ag teacht le spiorad agus litir an Achta.
- ▶ Déanfaimid gach iarracht go ndéileálfar le hiarratais shimplí lasmuigh de scóip an Achta.
- ▶ Cinnteoidimid go ndéanfaimid gach fiosrúchán a fhaightear agus a dhéileáiltear leo faoin Acht a phróiseáil laistigh den spriocam reachtúil 28 lá.
- ▶ Déanfaimid iarracht a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach custaiméir a bhimid ag déileáil leo ar a gcuid cearta agus oibleagáidí i ndáil leis an Acht um Shaoráil Faisnéise ó thaobh an méid baint a bhíonn acu linne.

Láithreán Gréasáin OPW

Is acmhainn eolais substaintiúil é Láithreán Gréasáin an OPW do chustaiméirí, inmheánacha agus seachtracha araon.

- ▶ Cinnteoidimid go mbeidh an láithreán gréasáin faoi réir na gcaighdeán is fearr deartha agus go mbeidh sé éasca agus praiticiúil le húsáid ag úsáideoirí.
- ▶ Cinnteoidimid go mbeidh an t-eolas a chuirtear i láthair oiriúnach, cruinn agus cothrom le dáta.
- ▶ Cuirfimid, nuair is oiriúnach agus indéanta sin, naisc ar fáil ónár láithreán gréasáin chuig foinsí oiriúnacha eolais eile ar an Idirlíon.
- ▶ Cuirfimid pointe aiseolais ar fáil d'úsáideoirí an láithreáin ghréasáin.
- ▶ Cuirfimid eolas a bhíonn ar fáil go ginearálta ar fáil i bhformáidí éagsúla chun a bheith oiriúnach do riachtanais úsáideoirí.

3. Cóir Chomhionann

Táimid tiomanta seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí ar bhonn stádaís chomhionann. Ciallaíonn sé sin go ndéanfaimid freastal ar riachtanais chustaiméirí ar leith nó grúpaí de chustaiméirí agus é mar aidhm againn cóir chomhionann a bhaint amach.

Ceanglais reachtaíochta

Tá roinnt reachtaíochta ann a thugann cumhacht ar leith don ghné seo ó thaobh phleanáil Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí. Áirítear leis sin

- ▶ An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998
- ▶ An tAcht um Stádas Comhionann, 2000.

Tá tábhacht ar leith leis an Acht um Stádas Comhionann do Sheirbhísigh Phoiblí. Coscann sé idirdhealú agus leatrom ar naoi bhforas:

- ▶ Inscne,
- ▶ Stádas Pósta,
- ▶ Stádas Teaghlaigh,
- ▶ Gnéaschlaonadh,
- ▶ Creideamh,
- ▶ Aois,
- ▶ Míchumas,
- ▶ Cine,
- ▶ Ball den Lucht Siúil.

- ▶ Cinnteoidimid nach ndéanfar idirdhealú in aghaidh aon duine de bharr go mbíonn siad ina mball d'aon ghrúpa atá clúdaithe ag na naoi gcatagóir;
- ▶ Beimid íogaireach maidir le dearcaí na n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar chustaiméirí ar fud na naoi gcatagóir nuair a bhíonn seirbhísí á gcur ar fáil;
- ▶ Beidh aird againn ar riachtanais bhunús leathan custaiméirí agus polasaí á chur le chéile againn.
- ▶ Cuirfimid oiliúint ar fáil don fhoireann maidir le comhionannas agus éagsúlacht mar chuid den oiliúint seirbhísí custaiméirí iomlán.

Rochtain Fhisiúil

Tá an OPW freagrach, trína rannpháirtíocht sa Chlár Rochtaine Uilíoch, as a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go praiticiúil comhionannas rochtaine ar an Státseirbhís do gach custaiméir trí thionscadail chun rochtain a sholáthar ag gach Oifig Rialtais. Breithnímid mar sin go bhfuil freagracht ar leith orainn sampla maith a léiriú maidir leis sin.

Is féidir rochtain a dhéanamh ar ár gCeannteathrú ag 51 Faiche Stiabhna. Tá rochtain ag daoine faoi mhíchumas trínár mbealach isteach ag 52 Faiche Stiabhna agus go himmheánach ar ár n-ardaitheoirí. Is féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a dhéanamh ar na limistéir phoiblí* inár nOifigí Réigiúnacha uile.

** Sainmhínítear "Limistéir phoiblí" mar na limistéir sin a mbeadh saor-rochtain agus rochtain neamhshrianta ghinearálta de ghnáth ag an bpobal orthu mar fhorhallai agus seomraí feithimh srl.*

- ▶ Leanfaimid ag cinntiú go gcoimeádtar rochtain cheart ar ár n-oifigí go léir a mbíonn rochtain phoiblí riachtanach chucu;
- ▶ Cinnteoidimid go ndéantar freastal iomlán ar ár bhfoireann le riachtanais rochtana speisialta;
- ▶ Tabharfaimid ráthaíocht go leanfaimid ag cloí i ngach slí le haltanna cuí an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 maidir le rochtain shábháilte do chustaiméirí agus don fhoireann.

An Ghaeilge

Táimid tiomanta an leibhéal seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair a fheabhsú agus maidir leis sin, beimid ag cloí go hiomlán le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

- ▶ Cuirfimid foilseacháin mhóra ar fáil sa dá theanga;
- ▶ Cinnteoidimid go bhfoilsítear fógraíocht agus fógraí sa dá theanga;
- ▶ Cinnteoidimid go bhfreagraítear i nGaeilge aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge;
- ▶ Cinnteoidimid go mbíonn Gaeilge ar a dtoil ag an bhfoireann a bhíonn ag obair i suímh Oidhreachta le béim ar chultúr na hÉireann nó ar an teanga (e.g. Teach an Phiarsaigh, Ionad an Bhlascaoid Mhóir agus Dún Aonghusa).

Go ginearálta, is é an aidhm atá againn ná iarracht a dhéanamh, thar am, go mbeidh rochtain ag daoine a bhíonn ag déileáil linn agus a dteastaíonn uathu a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar dhuine den fhoireann a bhíonn ar a gcumas cumarsáid leo i cibé teanga is mian leo.

4. Seachadadh Misin

Táimid tiomanta seirbhísí éifeachtacha a sholáthar dár gcustaiméirí de réir na bpríomhghnéithe inár Ráiteas Misin.

Is iad na príomhchustaiméirí a bhíonn ag seirbhísí OPW ná Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile. Sa bhreis air sin, soláthraimid seirbhísí don phobal ginearálta trínár líonra de shuímh Oidhreachta.

Den chuid is mó, baineann na seirbhísí a sholáthraítear le ceathar réimse leathan saineolais:

- ▶ **Seirbhísí Maoine a bhaineann le tógáil agus bainistiú saoráidí;**
Déantar na seirbhísí sin a sheachadadh trí Bhainistiú Maoine, Cothabháil Maoine, Bainistiú Tionscadal, Seirbhísí Ailtreachta agus gnéithe de na hAonaid Ghnó Seirbhísí Innealtóireachta.
- ▶ **Seirbhísí Oidhreachta;**
Déanann Seirbhísí Oidhreachta bainistiú ar phórtfóilió de mhaoin shuntasach le béim thábhachtach ar an stair agus ar an turasóireachta.
- ▶ **Seirbhísí innealtóireachta a bhaineann le haibhneacha agus uiscebhealaí;**
Is í an Oifig, trí obair an Aonaid Ghnó Seirbhísí Innealtóireachta, an gníomhaireacht chuí a bhíonn freagrach as leagan amach agus tógáil tionscadail fhaoisimh tuilte agus is í an t-údarás náisiúnta reachtúil í chun na Scéimeanna Draenála Artairí a fheidhmiú agus a chothabháil.
- ▶ **Seirbhísí Soláthair;**
Is é an tAonad Gnó Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais príomhsholáthróir raon leathan táirgí agus seirbhísí thar ceann an Stáit.

- ▶ Cinnteoidimid go seachadfar seirbhísí do Chustaiméirí faoi aon cheann de na cinnteidil seo a théann thar theorainneacha inmheánacha Aonaid Ghnó, an méid agus is féidir, ar shlí lánpháirtithe agus chomhordaithe go hiomlán;
- ▶ Rachaimid i gcomhairle go rialta lenár gCustaiméirí, le comhlachtaí gairmiúla, le gníomhaireachtaí stáit agus le geallshealbhóirí eile ar conas is féidir ár seirbhísí a fheabhsú.
- ▶ Úsáidfaimid na cainéil chumarsáide sin ar bhealach dearfach agus cuiditheach ionas go bhfanfaidh an eagraíocht freagrach do riachtanais agus éilimh ár gcustaiméirí, ár bhfoirne agus ár ngeallshealbhóirí tábhachtacha eile.
- ▶ Rachfar i mbun córais aiseolais rialta le Custaiméirí/grúpaí Custaiméirí chun caighdeán na seirbhísí a sholáthraimid a mheasúnú – beidh foirmeacha éagsúla ag na córais sin, lena n-áirítear cainteanna díreacha idir Custaiméirí agus Soláthróirí agus uirlisí suirbhéireachta níos foirmiúla.
- ▶ Rachaimid i gcomhairle le custaiméirí inmheánacha, lenár bhfoireann, i ndáil le caighdeán na Seirbhísí Custaiméirí trí mheicníocht an Choiste Comhpháirtíochta.

Custaiméir Inmheánach

Cé go mbaineann príomhfhócas na hOifige le hobair a dhéantar ar son custaiméirí seachtracha éagsúla – Ranna eile agus Oifigí Stáit etc – aithnímid freisin gur Custaiméirí Inmheánacha iad ceann dár bpríomhghrúpaí Custaiméirí – ár gcomhghleacaithe. Déantar ionadaíocht ar gach duine den fhoireann ar ár gCoiste Comhpháirtíochta agus tá príomhfheidhm ag an gcoiste cuidiú le Bainistíocht chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfoirne ar bhealach cuiditheach agus comhoibritheach. Scrúdóimid na tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ónár bhfoireann chun a gcuid oibre a dhéanamh chuig an caighdeán is fearr agus a chinntiú go mbíonn siad ar fáil san áit a bhíonn siad ag teastáil agus nuair a bhíonn siad ag teastáil.

- ▶ Feidhmeoimid an Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha go hiomlán.
- ▶ Gheobhaimid amach, trínár Straitéis Forbartha agus Oiliúna a fhorbairt, príomhriachtanais na foirne agus na heagraíochta ag dul chun cinn agus éascóimid seachadadh na riachtanais oiliúna sin, lena n-áirítear Oiliúint Seirbhísí Custaiméirí.
- ▶ Ullmhóimid agus feidhmeoimid Straitéis Acmhainní Daonna nua a bhíonn leagtha amach chun cuidiú le nuachóiriú an phríomhfheidhm bainistíochta sin.
- ▶ Bainfimid leas as an gCóras Eolais Bainistíochta nua chun cuidiú le heolas d'ardchaighdeán dóibh sin a dteastaíonn sé uathu a sholáthar go héifeachtach.

5. Déileáil le Fadhbanna

Féachfaimid le córas simplí soiléir próiseála gearán agus achomharc a sholáthar.

Cé go ndéanfaimid gach iarracht ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach ionas nach mbeidh aon ghearán ann, glacaimid leis go bhféadfadh sé tarlú nach ndéantar na caighdeáin seirbhíse a bhíonn geallta a sheachadadh i gcónaí agus go dtarlaíonn botúin ó am go ham. Sa chás go dtarlaíonn sé sin, tá nós imeachta gearán agus achomharc curtha ar bun.

1. Má theastaíonn uait gearán a dhéanamh faoi sheirbhís a soláthraíodh duit, ba chóir duit, ar an gcéad dul síos, teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Seirbhísí Custaiméirí don Aonad Gnó ar leith a mbíonn tú ag déileáil leis. (Aguisín 3.)

Má bhaineann do ghearán le seachadadh seirbhísí ag láithreacha oidhreachta is féidir do ghearán a dhéanamh leis an Treoraí nó an Maoirseoir Treoraí ar an láthair atá i gceist. Mura bhfuil seirbhís Treorach ar fáil nó má bhaineann an gearán le gné eile de na seirbhísí a thairgeann an tSeirbhís Oidhreachta ba chóir an gearán a dhéanamh díreach leis an Oifigeach Seirbhísí Custaiméirí liostaithe in Aguisín 3 den cháipéis seo.

Is é feidhm an Oifigeach Seirbhísí Custaiméirí Oifigigh déileáil leis an ngearán agus réitigh a chur i láthair maidir le haon fhadhbanna a thiochfaidh aníos idir an soláthróir seirbhíse (OPW) agus an Custaiméir.

2. Mura mbíonn aon réiteach tar éis Chéim 1 a leanúint, ba chóir an ní sin a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoifigeach, Príomhailtire Cúnta nó Príomhinnealtóir Cúnta cuí sa rannóg chuí (Aguisín 2.)
3. Mura mbíonn aon réiteach faighte tar éis Chéim 2 a leanúint, is féidir le gearánaithe leas a bhaint as nós imeachta achomharc an Ombudsman.

Tá údarás reachtúil ag an Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar ghearán i ndáil le cinneadh comhlachta poiblí nuair a bhíonn céimeanna réasúnacha tógtha ag an ngearánaí chun sásamh a lorg ón gcomhlacht poiblí agus nár éirigh leo é sin a fháil.

An Ombudsman

18 Sráid Chill Mochargán Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 678 5222 (LoCall: 1890 22 30 30)

Faics: (01) 661 0570

Ríomhphost: ombudsman@ombudsman.gov.ie

Láithreán Gréasáin: www.gov.ie/ombudsman

- ▶ Déileálaimid le gach fiosrúchan/iarratas i ndáil le gearáin nó hachomhairc chomh tapa agus is féidir ar bhealach béasach agus cúirtéiseach;
- ▶ Cinnteoidimid, i ngach comhfhreagrú scríofa, go soláthraíonn an fhoireann eolas cuí i ndáil le hainm, sonraí teagmhála etc chun cuidiú le comhfhreagruithe.

6. Meastóireacht ar Dhul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta Seo

Léiríonn caighdeáin an tseachadta seirbhísí atá leagtha amach ár dtiomantas feabhas a chur ar chaighdeán ár n-oibre.

Tá sé beartaithe againn monatóireacht a dhéanamh ar na caighdeáin sin agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar cibé an bhfuilimid ag comhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha amach againn. Déanfaidh an Líonra Seirbhísí Custaiméirí Caighdeáin athbhreithniú feidhmíochta ar gach Aonad Gnó go tréimhsiúil chun:

- ▶ Tuairisciú bliantúil don Choiste Comhairleach Bainistíochta maidir le gníomh i leith Seirbhísí Custaiméirí le linn na bliana sin in Aonaid Ghnó ar leith agus san OPW go ginearálta.
- ▶ Idirchaidreamh ar bhonn rialta leis an gCoiste Comhpháiritíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ó thaobh Plean Gníomhaíochta Custaiméirí de agus spriocanna agus gníomhaíochtaí a thabhairt cothrom le dáta más gá.
- ▶ Mionsonrú a dhéanamh ar dhul chun cinn laistigh den oifig maidir le Seirbhísí Custaiméirí sa Tuarascáil Bhliantúil.
- ▶ Tuairisciú go tréimhsiúil don Ghrúpa Dearbhú Cáilíochta na Státseirbhíse maidir le dul chun cinn a rinneadh laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí go ginearálta.

7. Tráthchlár do Sheachadadh

Ítim Gníomhaíochta

- ▶ Láithreán Gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí ár gCairt Seirbhísí Custaiméirí agus ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí a fhoilsiú agus a bheith ar fáil go fairsing i bhfoirm cóipeanna priontáilte.
- ▶ A chinntiú, trí fheachtas feasachta agus eolas dírithe, go bhfuil eolas ag gach rannóg foirne agus Aonaid Ghnó ar an bPlean Gníomhaíochta QCS agus na tiomantais atá tugtha ann.
- ▶ A chinntiú go nglacann an Straitéis Forbartha agus Oiliúna atá ag teacht chun cinn san áireamh go hiomlán riachtanais Phlean Gníomhaíochta QCS agus go soláthraíonn sé do bhearta oiliúna nuair is gá lena n-áirítear Cúrsaí Insealbhairthe.
- ▶ Oiliúint oiriúnach a cheapadh don fhoireann atá ann ar bhonn céimithe de réir riachtanas a mholann Líonra QCS in-tí, (agus a mbeidh comhaontaithe leo ag an mBainistíocht Líne) ag cinntiú go bhfuil béim ar leith ar an bPlean Gníomhaíochta QCS.
- ▶ Meicníochtaí oiriúnacha a fhorbairt d'aiseolas custaiméirí maidir saincheisteanna QCS tríd an Oifig Caidrimh Phoiblí agus trí chórus an QCS.

Fráma-Ama

Deireadh Fómhair 2004

Deireadh Fómhair 2004

Deireadh Fómhair 2004

An dara leath de 2005

Cleachtadh aiseolais amháin do gach Aonad Gnó faoi dheireadh 2004 agus ar a laghad 2 sa bhliain ina dhiaidh sin

Tiomantais Mheasúnachta Atréimhseacha

- ▶ Líonra Oifigeach QCS chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta QCS laistigh d'Aonaid Ghnó agus tuairisciú go bliantúil don Choiste Comhpháirtíochta.
- ▶ Téacs le comhaontú ag an gCoiste Comhpháirtíochta maidir le dul chun cinn ar an bPlean QCS a bheidh le cur sa Tuarascáil Bhliantúil.
- ▶ Líonra Oifigeach QCS chun tuairisciú do Lár-Ghrúpa Dearbhú Cáilíochta na Státseirbhíse maidir le dul chun cinn ar an bPlean QCS mar is gá nó is cuí.

Fráma-Ama

Leanúnach/Bliantúil 2004-2007

Bliantúil 2004-2007

Mar a éilítear 2004-2007

Aguisín 1

Prionsabail na Státseirbhíse maidir le Seirbhísí Custaiméirí Ardchaighdeáin

Do chustaiméirí agus do chliant na Seirbhíse Poiblí

Ina ndéileálacha leis an bpobal, déanfaidh Ranna na Státseirbhíse agus oifigí na Seirbhíse Poiblí:

Caighdeáin Seirbhíse Cáilíochta

Ráiteas a fhoilsiú a chuireann síos ar chineál agus cáilíocht na seirbhíse lenar féidir le custaiméirí a bheith ag súil, agus é a chur ar taispeáint go feiceálach ag pointe seachadta na seirbhíse.

Comhionannas/Éagsúlacht

Na cearta chun comhchóra bunaithe ag reachtaíocht comhionannais, agus oiriúnú don éagsúlacht, a chinntiú chun go gcuirfí leis an gcomhionannas do na grúpaí a chlédaítear faoin reachtaíocht comhionannais (faoi chúiseanna inscne, stádais phósta, stádas teaghlaigh, claonta ghnéasaigh, creidimh, aoise, míchumais, cine agus ballraíochta den Lucht Taistil).

Bacainní ar rochtain chun seirbhísí do dhaoine faoi bhochtanas agus eisiámh sóisialta, agus dóibh sin a bhfuil bacainní geografacha ar a rochtain chun seirbhísí, a aithint agus obair a dhéanamh chun fáil réidh leo.

Rochtain Fhisiceach

Oifigí poiblí glana, inrochtana a sholáthar chun príobháideachas a chinntiú, chun déanamh de réir na gcaighdeán ag an obair agus na gcaighdeán sábháilteachta agus, mar chuid de sin, rochtain a éascú do dhaoine le míchumas agus daoine eile le sainriachtanais.

Eolas

Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le heolas a sholáthar atá soiléir, tráthúil agus cruinn, atá ar fáil ag gach pointe teagmhála, agus a chomhlíonann riachtanais daoine le sainriachtanais. A chinntiú go mbaintear leas iomlán as an bhféidearthacht a thugtar le Teicneolaíocht an Eolais agus go leanann an t-eolas a bhíonn ar fáil ar láithreáin ghréasáin na seirbhíse poiblí na treoirínte ar fhoilseachán gréasáin.

Leanúint den tiomáint le haghaidh simpliú rialacha, rialachán, foirmeacha, bileoga eolais agus gnásanna.

Tráthúlacht agus Cúirtéis

Seirbhísí cáilíochta a thabhairt le cúirtéis, tuiscint agus a laghad moille, ag cothú atmaisféar comh-mheasa idir soláthróir agus custaiméir.

Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach cumarsáid chun réadas na n-idirbheart leanúnach a chinntiú.

Gearáin

Córas dea-fhógartha, inrochtana, trédhearcach agus simplí-le-húsáid a chothabháil chun déileáil le gearáin faoi cháilíocht na seirbhíse a sholáthraítear.

Achomhairc

Ar an dul céanna, córas foirmithe, dea-fhógartha, inrochtana, trédhearcach agus simplí-le-húsáid le haghaidh achomhairc/athbhreithniú a chothabháil do chustaiméirí atá mishásta le cinntí maidir le seirbhísí.

Comhairliúchán agus Measúnú

Cur chuige struchtúrtha don chomhairliúchán éifeachtach leis an gcustaiméir, agus rannpháirtíocht uaidh/uaithi, a sholáthar maidir le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú na seirbhísí. A chinntiú go ndéantar measúnú éifeachtach ar an seachadadh seirbhíse.

Rogha

Rogha a sholáthar, nuair is féidir, sa seachadadh seirbhíse ina n-áirítear modhanna íocaíochta, suíomh pointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanta seachadta. Teicneolaíochtaí nua-eascartha agus reatha a úsáid chun an uasmhéid rochtana agus rogha, agus cáilíocht seachadta, a chinntiú.

Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla

Seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge agus/nó go dhátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas maidir lena gceart chun roghnú go ndéileálfaí leo thrí cheann nó cheann eile de na teangacha oifigiúla.

Comhordú Níos Fearr

Cur chuige níos comhordaithe agus níos comhtháite do sheachadadh seirbhísí poiblí a chothú.

Custaiméir Inmheánach

A chinntiú go n-aithnítear an fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar an tacaíocht chuí dóibh agus go dtéitear i gcomhairle leo go cuí maidir le ceistanna seachadta seirbhíse.

Aguisín 2

Cairt Eagraíochta Oifig na nOibreacha Poiblí

Cathaoirleach Sean Benton	
MAC	Seirbhíse Corparáideacha Vincent Campbell Stiúrthóir Seirbhíse Corparáideacha
Bainisteoirí Sínsearach	<p>Joseph Farrell Príomhoifigeach Airgeadas (Cuntasóir) agus Gníomhaireacht Soláthairí Rialtais</p> <p>June Thompson Príomhoifigeach Seirbhíse Pearsanra agus Forbartha</p> <p>Sean Garvey Príomhoifigeach Teicneolaíocht an Eolais, Seirbhíse Dlíthiúla agus Fol</p> <p>Lynda Hendley Oifigeach Cairimh Phoiblí (APO)</p> <p>Finola Parnell An tOifigeach Shaoiré Faisnéise (APO)</p>
	<p>Seirbhíse Innealtóireachta Anthony Smyth Stiúrthóir Seirbhíse Innealtóireachta</p> <p>Tom Bolger Príomhinnealtóir Cúnta An Rannóg Hidriméadrach</p> <p>John Curtin Príomhinnealtóir Cúnta Seirbhíse Cothabhála Draenála</p> <p>John Gallagher Príomhinnealtóir Cúnta Seirbhíse Leictreach agus Meicniúla</p> <p>Jim O'Sullivan Príomhinnealtóir Cúnta Seirbhíse Leictreach agus Meicniúla</p> <p>Tom Sherlock* Príomhoifigeach Seirbhíse Faoisimh Tuilte</p>
	<p>Seirbhíse Ailtireachta Michael O'Doherty Stiúrthóir Seirbhíse Ailtireachta</p> <p>Liam Egan Príomhailtíre Cúnta</p> <p>Michael Haugh Príomhailtíre Cúnta</p> <p>Ciaran O'Connor Príomhailtíre Cúnta</p> <p>Klaus Unger Príomhailtíre Cúnta</p> <p>Finbar Wall Príomhailtíre Cúnta</p> <p>Pat Cooney Príomhailtíre Cúnta</p>
	<p>Seirbhíse Bainistíochta Tionscadal Clare McGrath Coimisinéir</p> <p>Jim Blighe Príomhoifigeach Seirbhíse Bainistíochta Tionscadal</p> <p>Kevin Connolly, Stiúrthóir (Príomhoifigeach) Aonad Tionscadal Speisialta</p> <p>John McMahon Príomhoifigeach Seirbhíse Bainistíochta Tionscadal</p> <p>John Sydenham Príomhoifigeach Seirbhíse Bainistíochta Tionscadal</p>
	<p>Seirbhíse Maoine David Byers Coimisinéir</p> <p>Liam Basquille Príomhoifigeach Aonad Bainistíochta Saoráidí</p> <p>Dermot Burke Príomhoifigeach Seirbhíse Oidhreacht</p> <p>Tom Costello Príomhoifigeach Seirbhíse Bainistíochta Maoine</p> <p>Paul Molloy Príomhoifigeach Seirbhíse Bainistíochta Maoine</p> <p>Tom Sherlock* Príomhoifigeach Aonad Sábháilteachta agus Sláinte</p> <p>Des Thorpe Ceann Cothabhála</p>

* Tá T. Sherlock faoi Sheirbhíse Maoine agus faoi Sheirbhíse Innealtóireachta.

Aguisín 3

Líonra Oifigeach Seirbhísí Custaiméirí Ardchaighdeáin

Ainm/Seoladh	Ríomhphost	Teileafón
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>Seirbhísí Bainistíochta Maoine</i> Jim Berrigan Seirbhísí Bainistíochta Maoine 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 	jim.berrigan@opw.ie	(01) 647 6200
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>Seirbhísí Cothabhála Maoine</i> Ray Williamson Seirbhísí Cothabhála Maoine 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 	ray.williamson@opw.ie	(01) 647 6237
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>Seirbhísí Oidhreacht</i> Gerry Bourke Seirbhísí Cuairteoirí 6 Plás Ely, Baile Átha Cliath 2 	gerry.bourke@opw.ie	(01) 647 2450
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal</i> Frank Fingleton Seirbhísí Tacaíochta Bainistíochta Tionscadal 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 	frank.fingleton@opw.ie	(01) 647 6449
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>Seirbhísí Ailtireacht</i> Michael Haugh Príomhailtire Cúnta Seirbhísí Ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí – Oibreacha Nua 2 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 	michael.haugh@opw.ie	(01) 647 6731
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>Seirbhísí Innealtóireacht</i> Michael Caden Seirbhísí Innealtóireachta 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 	michael.caden@opw.ie	(01) 647 6035
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais</i> Pat Granahan Leas-Stiúrthóir Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 	pat.granahan@opw.ie	(01) 647 6826
<ul style="list-style-type: none"> ▶ <i>An Rannán Seirbhísí Corparáideacha</i> Frank Coffey An tAonad Oiliúna An Rannán Seirbhísí Corparáideacha 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 	frank.coffey@opw.ie	(01) 647 6097

Aguisíní 4

Seoltaí agus Sonraí Teagmhála

Príomhoifig

Oifig an Aire Stáit, Oifig an Chathaoirligh, Seirbhísí Corparáideacha, Bainistíocht Seirbhísí Maoine, Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal, Seirbhísí Cothabhála Maoine, Seirbhísí Ailtireachta, Seirbhísí Innealtóireachta.

51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 647 6000

LóGhlao: 1890 213 414

Príomhuimhir Faics: (01) 661 0747

Láithreán Gréasáin: www.opw.ie

Ríomhphost: info@opw.ie

An Rannóg Suirbhéireachta Cainníochta, Cuntasóirí Gairmiúla

4-5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 (01) 647 6000

An Rannóg Deartha Faoisimh Tuilte; An Rannóg Innealtóireachta Struchtúrtha

17-19 Sráid Hatch Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 (01) 647 6000

Rannán na Seirbhísí Airgeadais

Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh (056) 777 2600
LóGhlao: 1890 213 424

Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais

51 Faiche Staibhna, Baile Átha Cliath 2 (01) 647 6000
LóGhlao: 1890 213 434

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais

Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2 (01) 679 3515

Seirbhísí Oidhreachta

Dún Scéine, Lána Fhearchair Baile Átha Cliath 2 (01) 647 6000

Seirbhísí Oidhreachta (An Rannán Seirbhísí Cuardaíochta)

6 Plá Ely Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 (01) 647 6000

Brainse Troscán

Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Rialto, Baile Átha Cliath 8 (01) 453 1588

Seirbhís Cothabhála Foirgneamh

Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7 (01) 676 4633

Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2 (01) 679 3713

Farmleigh

Bóthar White, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15 (01) 815 5900

An Phríomhcheardlann Innealtóireachta

Bóthar Jamestown, Inis Chór, Baile Átha Cliath 8 (01) 453 4204

Cothabháil Draenála Artairí

An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co na Mí	(046) 9431352
Fairgreen, Baile Átha Fhirdhia, Co Lú	(041) 685 3256
Baile Roibín, An Muileann gCearr, Co na hIarmhí	(044) 48332
Ballycraine, Droichead an Chaisleáin, Co Loch Garman	(053) 24181
Drumbear, Bóthar Muinchille, Muineachán	(047) 83201
An Príomhshráid, Áth Cinn, Co na Gaillimhe	(093) 35456
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo	(096) 22065
Gallows Brae, Leifear, Co Dhún na nGall	(074) 41273
Corrib Sluice Barrage, Teach Sluice, Gaillimh	(091) 563097
Teach Templemungret, Mungairit, Luimneach	(061) 227139
Droichead Inse, Lios Tuathail, Co Chiarraí	(068) 21166
Cuan Chonnachta, Port Omna, Co na Gaillimhe	(0509) 41086
Tithe an Rialtais, Bóthar Spa, Trá Lí	(066) 7124479

Seirbhísí Hidriméadrach & Hidreolaíochta

An Príomhshráid, Áth Cinn Co na Gaillimhe	(Ceanncéathrú) (093) 35456
Sráid na Beairice, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí	(0902) 6492918
Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	(056) 7772641
Fair Green, Baile Átha Fhirdhia, Co Lú	(041) 685 7992
Teach Templemungret, Mungairit, Co Luimnigh	(061) 227139
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo	(096) 22065

Oifigí Réigiúnacha Ailtireachta

Teach Steward's, Bóthar White, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15	(01) 812 8122
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2	(01) 475 5175
Tithe an Rialtais, Bóthar Naomh Alphonsus, Dún Dealgan, Co Lú	(042) 933 4221
2 Chapel Street, Sligeach	(071) 42202
Oifigí Rialtais, High Road, Leitir Ceanainn,	(074) 21365
Sráid na Beairice, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí	(0902) 92087
13 Sráid Catherine, Co Phort Láirge	(051) 874134
Tithe an Rialtais, Port Laoise	(0502) 21133
Tithe an Rialtais, An tInbhear Mór, Co Chill Mhantáin	(0402) 32761
Tithe an Rialtais, Sráid Anne, Loch Garman	(053) 22470
14 Old Blackrock Road, Corcaigh	(021) 4966 200
An Demesne, Cill Airne, Co Chiarraí	(064) 31028
2 Sráid Mallow, Luimneach	(061) 313500
Oifigí Rialtais, Durlas, Co Thiobraid Árann	(0504) 21532
16 An Fhaiche Mhór, Gaillimh	(091) 53016
Bóthar Pavilion, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo	(094) 21331

Iostaí Séadchomharthaí Náisiúnta

<i>Iosta Bhaile Átha an Rí</i>	
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Raheen, Baile Átha an Rí, Co na Gaillimhe	(091) 844084
<i>Iosta Chill Chainnigh</i>	
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Eastát Tionsclaíoch Bhóthar Hebron, Cill Chainnigh	(056) 772 1618
<i>Iosta Chill Airne</i>	
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Caisleán an Rois, Cill Airne, Co Chiarraí	(064) 33565
<i>Iosta Mhala</i>	
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Mala, Co Chorcaí	(022) 42278
<i>Iosta Dhroim dá Thiar</i>	
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Droim dá Thiar, Co Liatroma	(071) 916 4186
<i>Iosta Bhaile Átha Troim</i>	
Bainisteoir Oibreacha Ceantair, Newtown, Baile Átha Troim, Co na Mí	(046) 943 1452

Láithreacha Oidhreachta

Caisleán Átha Dara, Áth Dara, Co Luimnigh	(061)396 666
Gairdíní Altamont, An Tulach, Co Cheatharlach	(059) 915 9444
Ard-Eaglais Ard Fhearta, Ard Fhearta, Co Chiarraí	(066) 713 4711
Caisleán Bhaile Átha an Rí, Baile Átha an Rí, Co na Gaillimhe	(091) 844 797
Caisleán Achadh na nlú, Uachtar Ard, Co na Gaillimhe	(091) 552 214
Caisleán Bhaile Hac, Co Loch Garman	(051) 389 468
Caisleán Chúirt an Bharraigh, Carraig Thuathail, Co Chorcaí	(021) 488 2218
Cath na Bóinne, Oldbridge Estate, Oldbridge, Co na Mí/Lú	(041) 988 4343
Mainistir Mhainistir na Búile, Mainistir na Búile, Co Ros Comáin	(071) 966 2604
Ionad Cuairteora Bhrú na Bóinne, Dún Uabhair, Co na Mí	(041) 988 0300
Caisleán na Cathrach, Sráid an Chaisleáin, An Chathair, Co Thiobraid Árann	(052) 41011
Reilig Mheigiliteach Carrowmore, Sligeach, Co Shligigh	(071) 61534
An Casino, Corrán Chnocán na Silíní, ó Bhóthar Mhullach Íde, Marino, Baile Átha Cliath 3	(01) 833 1618
Baile an Chaisleáin, Cill Droiched, Co Chill Dara	(01) 628 8252
Achaidh Chéide, Baile an Chaisil, Co Mhaigh Eo	(096) 43325
Daingean Shéarlais, Summercove, Cionn tSáile, Co Chorcaí	(021) 477 2263
Cluain Mhic Nóis, Droichead na Sionainne, Co Uíbh Fhailí	(090) 967 4195
An Chúil, Ionad Cuairteora na Cúile, An Gort, Co na Gaillimhe	(091) 631804
Ionad Cuairteora Rianta Chorr Liath, Caonach, Co an Longfoirt	(043) 22386
Teach Dhoire Fhionáin, Páirc Náisiúnta Staire, Cathair Dónall, Co Chiarraí	(066) 947 5113
Caisleán Deasmhumhan, Sráid Chorcaí, Cionn tSáile, Co Chorcaí	(021) 477 4855
Halla Deasmhumhan, An Chearnóg, An Caisleán Nua, Co Luimnigh.	(069) 77408
Caisleán Dhún na nGall, Baile Dhún na nGall, Co Dhún na nGall	(074) 972 2405
Páirc Fhiadhúlra Dhún ar Aill, Dún ar Aill, Co Chorcaí	(022) 24244
Dún Aonghasa, Cill Mhuirbhígh, Inis Mór, Árainn, Co na Gaillimhe	(099) 61008
Caisleán Dhún Garbhán, Sráid an Chaisleáin, Dún Garbhán, Co Phort Láirge	(058) 48144
Dearc Fhearna, Baile an Phoill, Co Cill Chainnigh	(056) 776 7726
Teach Uí Dhuibhir Mhic Alastair, Doire na Muc, Cnoc an Aragain, Co Chill Mhantáin	(0404) 45325/45352 (Ionad Cuairteora Ghleann dá Loch)
Cúirt loma, loma, Co Laoise	(0502) 26573/086 810 7916
Mainistir na hInse, Sráid na Mainistreach, Inis, Co an Chláir	(065) 682 9100
Famine Warehouse (1848), Baile an Gharraí, Co Thiobraid Árann	(087) 908 9972
Caisleán Fhearna, Fearná, Co Loch Garman -	(054) 66411 (Le linn an tséasúir) (056) 7724623 (Lasmuigh den séasúr)
Crannlann agus Gairdíní Fhóta, Eastát Fhóta, Carraig Thuathail, Co Chorcaí	(021) 481 2728

Caisleán Ghallaruis, Baile na nGall, Co Chiarraí	(066) 915 6444/915 6371 (Ionad an Bhlascaoid)
An Gairdín Cuimhneacháin, Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1	(01) 647 2403 (Ceanncheathrú)/ (01) 874 3074 (Gairdín)
Teach agus Gailearaí na Gléibe, The Derek Hill Collection Mín an Lábáin Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	(074) 913 7071
Ionad Cuairteora Ghleann Dá Loch, Gleann dá Loch, Bré Co Chill Mhantáin	(0404) 45325/(0404) 45532 (Ionad Cuairteora Ghleann dá Loch)
Gairdíní Heywood, Baile na Cille, Co Laoise	(0502) 33563
Teamhair na Rí, An Uaimh, Co na Mí	(046) 9025 903
Oileán na gCuileann (Garinis), An Gleann Garbh, Beantraí, Co Chorcaí	(027) 63040
Ionad an Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin, Trá Lí Co Chiarraí	(066) 915 6444/ (066) 915 6371
Gairdíní Uíbh Eathach, Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath 2	(01) 475 7816
Mainistir Sheiriopúin, Baile Mhic Andáin, Co Cill Chainnigh	(056) 772 4623
Crannlann John F. Kennedy, Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman	(051) 388 171
Caisleán Chill Chainnigh, Cathair Chill Chainnigh, Co Cill Chainnigh	(056) 772 1450
Kilmacurragh, Ráth Droma, Co Chill Mhantáin	(01) 857 0909
Príosún Chill Mhaighneann, Bóthar Inse Chór, Baile Átha Cliath 8	(01) 453 5984
Caisleán Lios Tuathail, An Chearnóg, Lios Tuathail, Co Chiarraí	(01) 647 2453
Ionad Oidhreacht Lusca, Lusca, Co Baile Átha Cliath	(01) 843 7683/(01) 833 1618 (01) 647 2461 (Príomhoifig)
Main Guard, Sráid Sarsfield, Cluain Meala, Co Thiobraid Árann	(052) 27484
Caisleán Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara	(01) 628 6744
Mainistir Mhucrois, Eastát Mhucrois, Páirc Náisiúnta Chill Airne, Cill Airne, Co Chiarraí	(064) 31440
Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9	(01) 837 7596/8374388 (01) 804 0300
Muilte Arbhair agus Lín an Mhuilinn Úir, Bóthar Mhín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	(074) 912 5115
An Mhainistir Mhór, Tullaigh Álainn, Droichead Átha, Co Lú	(041) 982 6459
Caisleán Urmhumhan, Páirc an Chaisleáin, amach ó Shráid an Chaisleáin, Carraig na Siúire, Co Thiobraid Árann	(051) 640 787
Caisleán Parke, Abhainn an Chartúin, Co Liatroma	(071) 916 4149
Músaem na bPiarsach, Páirc Naomh Éanna, Bóthar na Gráinsí, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16	(01) 493 4208
Teach Ashtown agus Pháirc an Fhionnuisce, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8	(01) 677 0095
Caisleán agus Gairdíní Phort Omna, Port Omna, Co na Gaillimhe	(090) 974 1658

Caisleán Ráth Fearnáin, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14	(01) 493 9462
Túr Reginald, An Ché, Port Láirge	(051) 304220/
Comhairle Cathrach Phort Láirge)	(051) 873 501
Carraig Phódraig, Caiseal, Co Thiobraid Árann	(062) 61437
Ionad Oidhreachta Ros Cré (Castle and Damer House) Sráid an Chaisleáin, Ros Cré, Co Thiobraid Árann	(0505) 21850
Caisleán an Rois, Cill Airne, Co Chiarraí	(064) 35851/2
An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, An Bóthar Míleata, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8	(01) 612 9900
Inis Chathaigh, Cill Rois, Co an Chláir	(065) 682 9100
	(Mainistir na hInse)
Mainistir Shligigh, Sráid na Mainistreach, Sligeach, Co Shligigh	(071) 914 6406
Eaglais Naomh Audoen, Margadh an Arbhair, An tSráid Ard, Baile Átha Cliath 8	(01) 677 0088
Mainistir Mhuire, Teach Chapter, Lána Theach an Tionóil, Amach ó Shráid Capel, Baile Átha Cliath 1	(01) 872 1490/ (01) 647 2461/(01) 833 1618
St. Mary's Church, Gabhrán Co Cill Chainnigh	(01) 647 2453
Páirc Fhaiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2	(01) 4757816
An Teach Eilvéiseach, Cill Chuimín, An Chathair, Co Thiobraid Árann	(052) 41144
Teach an Phiarsaigh, Inbhear, Gar do Bhaile Rosmuc, Co na Gaillimhe	(091) 574 292
Mainistir Tintern, Muileann an tSáile, Mainistir Mhic Thriúin, Co Loch Garman	(051) 562650
D'áirithintí/Fiosruithe ó Mheán Fómh-Lár Meithimh	(056) 7724623
Caisleán Bhaile Átha Troim, Baile Átha Troim, Co na Mí	(046) 943 8619
Páirc Náisiúnta Chuimhneacháin Chogaí na hÉireann, Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8	(01) 647 2406 (Príomhoifig) (01) 677 0236 (Gairdíní)
Ionad Cuairteora na nUiscebhealaí, Cé na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2	(01) 677 7510

Cárta Oidhreachta

Callsave 1850 600 601

